



## Foilsiú na Tuarascála agus na gCuntas Bliantúil 2015

### 9 Lúnasa, 2016 - Inniu, d'fhoilsigh an Bord Pleanála a Thuarascáil agus a Chuntais Bhliantúla.

I gcaitheamh 2015, mhéadaigh líon na gcásanna a fuair an Bord Pleanála de 9% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, rud a léiríonn méadú ar ghníomhaíocht tógála. Lean an treocht sin isteach sa chéad leath de 2016 nuair a mhéadaigh cásanna nua de 21% i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh.

Bhí an fheidhmíocht ó thaobh cásanna a chinneadh laistigh de spriocthréimhsí reachtúla láidir i 2015 agus cuireadh 83% de chásanna pleanála de láimh laistigh den spriocthréimhse de 18 seachtaine (81% idir Eanáir agus Meitheamh 2016). Laghdaigh meánlíon na seachtainí a thóg sé achomhairc phleanála a chinneadh ó 16 seachtaine i 2014 go 15 seachtaine faoi dheireadh 2015.

Eisíodh cinntí i gcás forbairtí móra bonneagair straitéisigh i seacht gcinn de chásanna lena n-áirítear athfhorbairt Phort Bhaile Átha Cliath, Phort Rinn an Scidigh (Corcaigh), an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin i nDún Laoghaire, an Ospidéal Náisiúnta Mheabhairsheirbhísí Fóirínseacha, Port Reachrainn agus feirmeacha gaoithe ag an gCladán, Co. Mhaigh Eo agus ag na hArd-doiriú, Co. na Gaillimhe.

Lean ceanglais na Treorach maidir le Gnáthóga i gcás measúnú chuí de dhúshlán a chur faoi fhorbróirí a d'iarr cead pleanála do thionscadail. Bíonn ardchaighdeán sonraí agus faisnéise suirbhé de dhíth sna Ráitis Measúnaithe Natura is gá nuair a

mheastar go mbeidh tionchar suntasach ag tionscadal ar láithreáin Natura AE. Tar éis an mheasúnaithe, má tá amhras réasúnta ann i gcónaí, ceanglaítear ar an mBord diúltú don fhorbairt nó tuilleadh faisnéise a lorg chun nach mbeidh aon amhras sa scéal. Lean moilleanna fada sa chinnteoireacht i gcásanna áirithe as sin, agus diúltaíodh do roinnt forbairtí a d'fhéadfaí a cheadú i gcásanna eile.

I 2016 ullmhóidh an Bord Pleanála straitéis nua le cinntiú go bhfuil na hacmhainní is gá ag an eagraíocht chun dúshláin na linne seo agus na todhchaí a chomhlíonadh i gcóras pleanála atá ag éirí níos casta i gcónaí agus i bhfianaise an leathnaithe ar réimsí inniúlachta. Cuirfear san áireamh anseo torthaí an athbhreithnithe neamhspleách ar an mBord Pleanála a rinneadh i 2015 agus a foilsíodh i Márta 2016. Áirítear ar an athbhreithniú moltaí a thógann ar theist an Bhoird Phleanála go dtí seo agus a chinntíonn go bhfuil sé oiriúnach dá fheidhm i dtimpeallacht oibre atá ag athrú go gasta agus atá níos casta ná riamh.

Dúirt Cathaoirleach an Bhoird Phleanála, an Dr. Mary Kelly:

*“Táimid mórtasach as an dea-cháil orainn a d’admhaigh an Grúpa Athbhreithnithe agus oibreoimid go dian chun an dea-cháil sin a choimeád. Tá i gceist againn an t-athbhreithniú a úsáid mar ionchur chun straitéis a fhorbairt do na blianta amach romhainn le cinntiú go mbíonn an Bord Pleanála suite go maith, acmhainnithe agus i mbun oibre chun dúshláin na todhchaí a chomhlíonadh.*

Cuirfear san áireamh i straitéis an Bhoird Phleanála bearta a leagadh amach sa Phlean Gníomhaíochta um Thithíocht, Atógáil na hÉireann, a foilsíodh le deireanas, chun freagrúlacht agus solúbthacht an chórais phleanála a bhreisiú. Tá an Bord Pleanála ag gabháil do phlé maidir leis an tslí is fearr le córais a riaradh, córas trínar féidir iarratais dhíreacha a dhéanamh i gcás forbairtí tithíochta ina bhfuil os cionn 100 aonad. Dúirt an Dr. Mary Kelly, “Tá a fhios againn uile go bhfuil fadhb mhór

*easpa dídine agus ganntanas tithíochta ann agus tá geallta agam don Aire go ndéanfaidh an Bord Pleanála a chion chun réiteach a fháil ar na fadhbanna seo.”*

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar phleananna le haghaidh achomhairc phleanála agus seirbhís iarratais ar líne, nithe atá mar chuid de mhór-infheistíocht in ICT atá déanta ag an mBord Pleanála. Tá sé ceaptha an tseirbhís a thabhairt isteach i 2017.

Gheofar Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla an Bhoird Phleanála 2015 ag [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie).